# Achoimre Feidhmeannach

## Réamhrá

Rinneadh an chéad Ordú Grósaera i 1956 agus bhí sé leagtha amach chun deireadh a chur le cothabháil praghsanna athdhíolta agus ina áit sin sraith rialacha cóir-thrádála a leagan síos i ndáil le trádáil grósaera. Níor áiríodh leis an Ordú cosc ar dhíolachán faoi chostas mar gur mheas an Coimisiún Cóir-Thrádála a bhí ann ag an am nach raibh sé sin ag teastáil.

Rinneadh Orduithe eile ina dhiaidh sin i 1958, 1973 (faoi dhó), 1978 (faoi dhó), 1981, agus ar deireadh, i 1987. Tá éifeacht le hOrdú 1987 fós sa lá atá inniu ann.

Idir an dá linn, bhí trádáil grósaera miondíola in Éirinn, agus feidhmiú an Ordaithe, faoi réir ag go leor tuarascálacha oifigiúla, ag athbhreithnithe agus ag fiosrúcháin mar seo a leanas:

- Tuarascálacha an Choimisiúin Cóir-Thrádála[1] i 1966, 1972, 1975 agus 1980, nár bhreithnigh cosc a thabhairt isteach ar dhíolachán faoi chostas nó a mhol in aghaidh sin;
- Tuarascáil an Choimisiúin Cóir-Thrádála 1987 a mhol go dtabharfaí cosc den sórt sin isteach, agus a dTuarascáil i 1991 a mhol go ndéanfaí aisghairm air;
- Athbhreithnithe inmheánacha sa Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta i 1993 agus i 1995, a thug tacaíocht go ndéanfaí aisghairm bunúsach ar an Ordú;
- Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Cónaisc & Iomaíochta i 2000, a mhol go ndéanfaí cúlghairm ar an gcosc ar dhíolachán faoi chostas;
- Comhchoiste an Oireachtais ar an Tuarascáil ar Fiontar agus ar Mhion-Ghnó i Márta 2005, a thug tacaíocht maidir leis an gcosc ar dhíolachán faoi chostas a choinneáil;
- Cheap Tuarascáil an Rialtais Grúpa Straitéise Tomhaltóirí i 2005, a mhol go ndéanfaí cúlghairm iomlán ar an Ordú.

[1] Cuimsíonn tagairt anseo an Coimisiún um Chleachtais Srianta faoina raibh aithne ar an gcomhlacht seo ag tréimhsí difriúla thar na mblianta. Úsáidtear an dá theideal trína chéile ar fud na Tuarascála seo.

## Príomh Forálacha den Ordú

Áirítear leo sin:

**Airteagal 3**

Cuirtear cosc ar chothabháil praghsanna athdhíolta. Bhí an foráil sin mar chuid de chéad Ordú 1956 agus bhí sé leagtha amach chun cosc a chur ar chleachtas forleathan sa trádáil ag an am áit ar ghníomhaigh soláthróirí ar fad le chéile chun íosphraghsanna a leagan síos agus ní raibh cead ag miondíoltóir táirgí áirithe a dhíol faoin bpraghas sin. Tugann an tAirteagal deis do sholáthróir soláthairtí a shiarchoinneáil ó mhiondíoltóir a dhíolann earraí faoin glan-phraghas ar an sonrasc agus d'fhéadfadh sé freisin iarraidh ar mhórdíoltóir an rud céanna a dhéanamh.

**Airteagal 4, 5 & 6**

Cuireann forálacha na nAirteagal sin cosc go héifeachtach ar shocruithe maidir le praghsanna a shocrú idir páirtithe sa trádáil. Is ceadmhach do sholáthróir praghas athdhíolta a mholadh i gcás aon táirge ach ní bheidh moladh den sórt sin faoi cheangal mar íosphraghas athdhíolta.

**Airteagail 7, 8, 9 & 10**

Cuireann na forálacha sin cosc ar idirdhealú míchothrom sa trádáil. Cuirtear cosc ar chumann trádála nó ar aon mheascán daoine soláthróir nó mórdhíoltóir a spreagadh chun soláthraití a shiarchoinneáil. Féadfaidh siad áfach, an cheist a thabhairt os comhair soláthróirí nó mórdhíoltóirí a chreidfidh siad a thabharfaidh teidlíocht dóibh earraí a tharraingt siar.

**Airteagail 11 & 12**

Cuireann siad sin cosc ar dhíolachán faoi ghlan-phraghas ar an sonrasc agus ar dhíolachán faoin nglan-phraghas ar an sonrasc a fhógairt.

**Airteagal 13 - 17**

Éilítear ar sholáthróir ráiteas téarmaí agus coinníollacha an díolacháin a ullmhú agus díol de réir na dtéarmaí sin, agus sonraí a sholáthar don Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí nuair a éilítear sin.

**Airteagal 18**

Cuirtear cosc anseo ar liúntais fógraíochta agus '*airgead hello*' a íoc le miondíoltóirí.

**Airteagal 19**

Forálacha teicniúla atá leagtha amach chun forfheidhmiúchán a éascú.

**Airteagal 20**

Cuirtear roinnt earraí séasúracha as an áireamh ó thaobh an choisc ar dhíolachán faoin bpraghas ar an sonrasc.

## Díolachán faoi Chostas

Breithnítear go minic go bhfuil cosc ar dhíolachán faoi chostas san áireamh in Ordú 1987. Tá Airteagal 11, áfach, curtha le chéile mar chosc ar dhíolachán faoin nglan-phraghas ar an sonrasc. Tá an-tábhacht leis an idirdhealú sin mar gheall nach fíor-léargas ar chostas é an sainmhíniú ar ghlan-phraghas ar an sonrasc. Ní áirítear leis (a) forchostais/costais oibríochta a thabhaíonn miondíoltóir agus (b) lascainí, lacáistí agus liúntais eile a íocann soláthróir leis an miondíoltóir ach nach dtaispeántar ar an sonrasc.

Is gné shuntasach den trádáil iad íocaíochtaí den sórt sin, ar a dtugtar lascainí nach mbíonn ar an sonrasc, ach níl dóthain eolais faighte againn mar thoradh ar an bPróiseas Comhairliúcháin seo a thabharfadh deis dúinn cainníochtú a dhéanamh orthu.

Níl aon réasún eacnamaíochta ag baint leis an téarma 'glan-phraghas ar an sonrasc' agus tugadh isteach in Ordú 1978 é mar go raibh ciall leis ó thaobh cúrsaí riaracháin. Tá sainmhíniú an téarma bunaithe ar léirmhíniú dlíthiúil ar a mhíniúchán mar atá leagtha amach i mbreithiúnas de chuid na Cúirte Uachtaraí níos déanaí i 1979.

Coinníodh an téarma 'glan-phraghas ar an sonrasc' in Ordú 1987 ag glacadh leis go léireofaí gach lascaine, lacáiste agus gach liúntas eile ar an sonrasc mar thoradh air. Is léir go bhfuiltear ag mí-úsáid na reachtaíochta de bhrí nach bhfuil sé sin tarlaithe go fóill.

Ciallaíonn sé freisin nach bhfuil Airteagal 11 den Ordú ag feidhmiú sa bhealach a shamhlaigh an Coimisiún um Chleachtais Srianta (tuairim a dheimhnigh iar Chathaoirleach an Choimisiúin in aighneacht), an tAire ná, inár dtuairim féin, an tOireachtas.

Mhol an Coimisiún um Chleachtais Srianta i 1991 go ndéanfaí cúlghairm ar an Ordú. Chuir an tAire a bhí ann ag an am cinneadh maidir leis sin ar atráth ag feitheamh ar thréimhse a thabhairt don Acht Iomaíochta, 1991, socrú síos. Mar thoradh air sin, níor léiríodh riamh forcoimeádacha tromchúiseacha a

léirigh an Coimisiún d'aon ghuth i ndáil le húsáid an téarma 'glan-phraghas ar sonrasc', agus go háirithe i ndáil leis an imní go bhféadfaí mí-úsáid a bhaint as an reachtaíocht mar gheall air, i bhfoirm leasú reachtach ar an Ordú. Is ábhar imní é sin.

## Téarmaí & Coinníollacha i dTrádáil Grósaera

Níl Airteagal 13 den Ordú, a éilíonn ar sholáthróir ráiteas téarmaí agus coinníollacha díolacháin a choinneáil, ag obair sa bhealach arna shamhlú ag an gCoimisiún Cóir-Thrádála, ag an Aire ná ag an Oireachtas. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid chomh fada siar le 1987 nach raibh á dhéanamh ach comhlíonadh comharthach le forálacha an Airteagail sin.

Ceadaíonn an tAirteagal téarmaí forlíontacha a úsáid a fheidhmítear ar bhealach rúnda, eadránach agus idirdhealaitheach tríd is tríd. Cé nach ábhar imní ann féin iad tréithe den sórt sin, déanann forálacha an airteagail sin éascú agus tugann sé spreagadh ó thaobh lascainí nach mbíonn ar an sonrasc a úsáid.

## Struchtúr Thrádáil Grósaera na hÉireann

Tá leibhéal ard comhchruinnithe le feiceáil i margadh grósaera na hÉireann.

Tháinig fás ar chomhchruinniú an mhargaidh sa tréimhse ó tugadh isteach an tOrdú Grósaera. Tharla cuid mhaith den chomhchruinniú méadaithe sin faoi leibhéal na n-iolrach agus, go háirithe sa tréimhse ó 1994, is cosúil go raibh an comhchruinniú sin á stiúradh ag comhdhlúthú sa deighleán siombail/neamhspleách.

Léiríonn margadh na hÉireann struchtúir den chineál céanna agus leibhéil chomhchruinnithe le margadh na Ríocht Aontaithe, áit, ar ndóigh, nach bhfuil aon chosc ar dhíolachán faoi chostas. Más aon rud é, creidimid go bhfuil margadh na hÉireann go himeallach níos comhchruinnithe.

Creidimid go bhfuil laistigh de na príomhcheantair uirbeacha, struchtúr déachúil i bhfeidhm i gcás iolracha atá ag freastal ar an siopadóir 'aon-stad' agus go bhfuil na siombail/neamhspleácha níos lú ag freastal ar an 'niche' margadh áise.

Ní dóigh go mbeidh struchtúr déachúil den chineál céanna ag feidhmiú in áiteanna faoin tuath mar gheall nach mealltar iolracha chuig ceantair ina bhfuil dlús daonra íseal. Mar sin bíonn na siombail/neamhspleácha ag tabhairt seirbhíse do na margaí 'aon stad' agus na margaí áise sna háiteanna sin.

Sa Ríocht Aontaithe, is í an earnáil áise an earnáil is mó fáis sa mhargadh grósaera mar a cruthaíodh le gairid nuair a chuaigh go leor iolracha isteach sa mhargadh chomh maith le hoibreoir grúpaí siombail na hÉireann, Musgraves. Táthar ag súil go dtiocfaidh fás de 25% ar láimhdeachas san earnáil áise thar na chéad ceithre bliana amach romhainn.

Mar thoradh air sin, agus ag glacadh leis na struchtúir chéanna atá i bhfeidhm ar an margadh, níl aon chúis ann a chreidiúint go mbainfí siar as an margadh áise in Éirinn mar thoradh ar fáil réidh leis an gcosc ar dhíolachán faoin nglan-phraghas ar an sonrasc.

## Lascainiú nach mbíonn ar an Sonrasc

Tá aighneacht déanta ag an Stiúrthóir Forfheidhmiúcháin Chorparáidigh nach mbeadh an cleachtas lascainiú nach mbíonn ar an sonrasc buntáistiúil ó thaobh peirspictíocht dlí cuideachta de agus dar leis an Stiúrthóir ba chóir an tOrdú a leasú chun fáil réidh le haon spreagadh díreach nó neamhdhíreach chun dul i mbun cleachtais den sórt sin.

Breithnimid go bhfritháirítear comhchuid éagsúil den ioncam as lascainiú nach mbíonn ar an sonrasc a shaothraíonn an trádáil grósaera miondíolta in aghaidh chostais oibríochta agus go gcuirtear ar aghaidh chuig an tomhaltóir é dá réir sin. Níl an t-eolas a sholáthraíonn an trádáil, áfach, soiléir faraor agus, mar gheall air sin, nílimid in ann líon na lascainí sin a ríomh ná fáil amach cá mhéad den ioncam a shaothraítear ó lascainí den sórt sin a fhaigheann tomhaltóirí.

Ní thugann an tOrdú cosaint do sholáthróirí ón gcumhacht ceannacháin atá ag miondíoltóirí níos mó, cé gur dóigh go léirítear cumhacht dá leithéid in éilimh a dhéantar ar lascainí níos airde seachas praghsanna níos ísle ar an sonrasc.

Mar sin féin, mar gheall ar an gcosc in Airteagal 11 ar dhíolachán faoi ghlan-phraghas ar an sonrasc, ní féidir lascainí nach mbíonn ar an sonrasc a thabhairt don tomhaltóir i bhfoirm praghsanna níos ísle ar tháirgí atá á gclúdadh ag an Ordú. Is srian tromchúiseach ar shaoirse chun dul i mbun trádála é sin.

Is cleachtas é lascainiú nach mbíonn ar shonrasc a ghníomhaíonn, mar thoradh air, in aghaidh leasa tomhaltóirí.

## Tionchar ar Iomaíocht

Ciallaíonn an cosc ar dhíolachán faoi ghlan-praghas ar an sonrasc go bhfeidhmíonn cineál cothabháil praghsanna athdhíolta i dtrádáil grósaera na hÉireann. Téann sé sin i gcoimhlint mhór le forálacha eile den Ordú. Is cleachtas frith-iomaíochais freisin é Cothabháil Praghsanna Athdhíolta a mheallann smachtbhannaí coiriúla faoi théarmaí an Achta Iomaíochta, 2002.

Tá an tOrdú in ann deireadh a chur le hiomaíochas praghsanna ón margadh agus tá sé sin, ansin, ag stiúradh comhchruinniú ar an margadh. Ní dóiche go mbainfidh tomhaltóirí mórán buntáiste as sin.

Is srian thromchúiseach freisin é an cosc ar iomaíocht nach féidir a chosaint ach amháin tríd na buntáistí a thabhaíonn trádálaithe, tomhaltóirí agus an eacnamaíocht ina iomláine a aithint go soiléir.

Ní féidir linn teacht ar an gconclúid go bhfuil a leithéid de bhuntáistí ann.

## Praghsáil Chreiche

Cuirtear inár láthair é mar chuid den Phróiseas Comhairliúcháin gur chóir an tOrdú Grósaera a choinneáil de bhrí go gcuireann sé cosc ar phraghsáil chreiche.

Ní gníomh creiche ann féin é earra a dhíol faoi chostas. Is iomaí cúis dleathach a bhíonn ann earraí a dhíol go sealadach faoi chostas agus ba chóir deis a thabhairt do thomhaltóirí buntáiste a bhaint astu.

Tríd is tríd, níl aon dochar i ndíolachán faoi chostas i gcás tomhaltóirí ach amháin murarbh é praghsáil chreiche a bhíonn ar bun.

Is cleachtas gnó dleathach é treoir-chaillteanas a bhíonn i bhfeidhm i gcuid mhaith earnálacha gnó agus é mar thoradh loighiciúil den phróiseas iomaíochta. Is cleachtas é atá in ann feidhmiú gan cur as don mhargadh agus gan aon dochar a dhéanamh don tomhaltóir.

Níl cosc ag an Acht ar an gcleachtas a bheith ag díol táirgí grósaera faoi chostas go leanúnach, nuair a fheidhmítear é ar bhealach nach gcomhlíonann an sainmhíniú atá ag praghsáil chreiche. Is féidir leis tarlú go hannamh go ngníomhódh an cleachtas in aghaidh leas an phobail más amhlaidh gurb é an éifeacht a bhíonn aige, nó gur dóigh a bhíonn aige, ná athrú ar struchtúr an mhargaidh agus go mbíonn níos lú rogha ag tomhaltóirí dá bharr.

Breithnimid nach mór cúram mór a dhéanamh lena chinntiú nach measctar suas dian-iomaíocht (a spreagann praghsanna níos ísle agus a bhíonn mar bhuntáiste ag tomhaltóirí) le praghsáil chreiche.

Is freagra frith-iomaíoch agus míchothrom mór é an tOrdú Grósaera reatha ar an mbagairt a bhaineann le praghsáil chreiche.

## H. Williams

Níl aon fhianaise againn lena dheimhniú gur tugadh isteach Ordú 1987 mar thoradh díreach a bhí ag titim Ghrúpa H Williams, mar atá ráite.

Ní féidir linn ach an oiread a rá go ndeachaigh H. Williams amach as gnó amháin mar gheall ar bheartaíochtaí creiche a bhí ar bun ag a chuid iomaitheoirí nó in aon chor. Tugann tuarascáil 1991 an Choimisiúin um Chleachtais Srianta, tuarascálacha comhaimseartha leis na meáin agus píosaí breise a tugadh do dhíospóireacht Oireachtais ag an am ar fad le fios go raibh páirt thábhachtach ag fachtóirí eile, lena n-áirítear go raibh cúrsaí

airgeadais lag sa chuideachta, ó thaobh todhchaí na cuideachta a leagan amach.

## Tionchar ar Bhoilsciú agus ar Phraghsanna

Tá aighneachtaí faighte againn atá i gcoimhlint lena chéile maidir leis an tionchar a bhí ag an Ordú Grósaera ar fhigiúirí boilscithe. Is féidir na difríochtaí sin a mhíniú ó na tréimhsí tagartha agus na grúpaí táirgí ar a bhfuil sé roghnaithe ag na páirtithe a gcuid aighneachtaí a bhunú.

Is é ár dtuairim é go bhfuil sé an-deacair a chinneadh, go stairiúil, ná amach anseo, cén tionchar a bhí nó a bheidh ag an Ordú Grósaera ar an ráta boilscithe, ar na dearbhphraghsanna ar tháirgí grósaera ag an leibhéal miondíola in Éirinn, nó na praghsanna comparáideacha a bheadh ar earraí den sórt sin a bhainfeadh leo sin i ndlínsí eile. Tá sé sin amhlaidh de bhrí nach mbíonn sé praiticiúil mar gheall ar chionsiocair eile, mar chostais ionchuir, polasaithe cánachais, éileamh tomhaltóirí, an tionchar a bhíonn ag iomaíocht agus ag éifeachtúlachtaí sa slabhra imdháilte, an tionchar a bhíonn ag aon fachtóir amháin mar an tOrdú Grósaera a scaradh amach as féin.

Mar sin féin, tugaimid faoi deara go raibh boilsciú ar bhia na hÉireann sa tréimhse ó 1996 ar an tríú ráta is airde san AE (roimh na 15 tír nua) agus go bhfuil sé beagnach trí uaire níos airde ná mar atá sa Ríocht Aontaithe.[2] Ní chreidimid gur féidir é sin a mhíniú go dóthanach le costais ionchuir níos airde in earnáil miondíola na hÉireann.

Ag an leibhéal is ísle ar fad, tá roinnt aimhrialtachtaí le feiceáil óna gcuid anailíse ar threochtaí boilscithe nach mínítear go héasca agus a thugann le fios go láidir go bhfuiltear ag cosaint na hearnála bia miondíola ó iomaíocht. Ní bheadh sé sábháilte go háirithe teacht ar an gconclúid *nach bhfuil* aon cheangal idir na haimhrialtachtaí sin agus an tOrdú.

Mar thoradh air sin, cé go mbíonn drogall orainn teacht ar chonclúidí daingne maidir le tionchar an Ordaithe ar leibhéil boilscithe agus praghsanna, breithnimid go dtugann an anailís atá déanta againn ar threochtaí boilscithe tacaíocht don chás chun an tOrdú a aisghairm.

Tagaimid ar an gconclúid trí fáil réidh leis an Ordú go mbeimis ag fáil réidh le hurlár faoi phraghas formhór earraí bia a dhíoltar i siopaí grósaera.

Cé nach féidir linn an tionchar a bheadh aige sin a chainníochtú agus go gcreidimid nach féidir cainníochtú mar sin a dhéanamh, is léir dúinn gur fianaise é do chách go spreagfadh a leithéid de bheartas iomaíochta, go gcuirfeadh sé dlús le héifeachtúlachtaí níos mó ag gach leibhéal den slabhra imdháilte agus go gcuirfí brú síos mar thoradh air sin ar phraghsanna miondíola agus go mbainfeadh tomhaltóirí buntáiste bunúsach as sin.

[2] Foinse: Eurostat

Mar gheall air sin, creidimid go mbeidh gach tomhaltóir níos fearr as má fhaightear réidh leis an Ordú Grósaera.

## Rialacháin i nDlínsí Eile

Tá argóint déanta i gcuid mhaith aighneachtaí atá faighte againn go bhfuil an cosc atá ag Éirinn ar dhíolachán faoi chostas ag teacht le cleachtas agus leis an dlí i ndlínsí eile.

Tá taighde déanta againn ar an rialachán a bhaineann le díolachán faoi chostas i ndlínsí eile, agus go háirithe sna ceithre cinn déag de bhaillstáit an Aontais Eorpaigh sula ndeachaigh siad isteach san Aontas, agus i gCeanada, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus sa Nua Shéalainn.

Tá cosc ar dhíolachán faoi chostas i seacht ndlínse eile (An Bheilg, An Fhrainc, An Ghréig, An Iodáil, Lucsamburg, An Phortaingéil agus An Spáinn) ach tá eisceachtaí ar leith ag baint leo, rud a chiallaíonn, inár dtuairimse, go bhfuil siad difriúil ó Ordú 1987 ó thaobh an tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu. Níl aon taighde déanta againn ar struchtúr ná ar thréithe trádála sna baillstáit sin mar sin ní féidir comparáidí díreacha a dhéanamh ó thaobh feidhmiú agus tionchar na gcosc sna dlínsí sin.

Amach as na seacht ndlínse, is é an cosc atá i bhfeidhm san Fhrainc agus sa Ghréig is mó atá ag dul i gcosúlacht leis an Ordú Grósaera atá againn. Tá conspóid mhór ag baint leis an gcosc sa Fhrainc, cosc Loi Galland, agus rinneadh leasú suntasach air le linn 2005.

Sna tíortha eile a imscrúdaíodh, lena n-áirítear iad sin lasmuigh den Aontas, níl aon chosc sainiúil tugtha faoi deara againn maidir le díolachán faoi chostas ach cuireann na tíortha ar fad cosc ar phraghsáil chreiche mar chleachtas frith-iomaíochta. Tá téarmaí na gcosc sin an-difriúil ón Ordú Grósaera agus is féidir comparáid forleathan a dhéanamh idir iad agus an mí-úsáid a dhéantar ar fhorálacha ceannais in Airteagal 82 de Chonradh an AE.

Tugaimid ar aird go bhfuil na rátaí is airde de bhoilsciú bia san Aontas sa tréimhse ó 1996[3] sna hocht tíortha den AE a fheidhmíonn coisc, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, ar dhíolachán faoi chostas.

## Baile Bocht na Breataine

Tá an argóint déanta i bhformhór na n-aighneachtaí a fuarthas chun an tOrdú a choinneáil go rachaidh miondíoltóirí neamhspleácha beaga amach as gnó má fhaightear réidh leis an Ordú. Deirtear sna haighneachtaí sin go gcríochnóidh Éire mar an Ríocht Aontaithe áit, a líomhnaítear, nach bhfuil aon siopa áitiúil i 7 gcinn as 10 gcinn de bhailte agus sráidbhailte.

[3] Foinse: Eurostat

Tá taighde shonrach déanta againn ar dhualfhoinse an staitistice sin mar gheall ar chomh minic agus a thagann sé aníos in aighneachtaí aonair. Táimid den tuairim go bhfuil an staitistic mícheart agus gur míléiriú tromchúiseach agus follasach é ar thaighde iarbhír a rinne gníomhaireacht Rialtais de chuid na Ríocht Aontaithe.

Is léiriú é an úsáid leanúnach a dhéantar ar na figiúirí sin in aighneachtaí, dar linn, ar fheachtas comhaontaithe chun imní neamhriachtanach a chruthú maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag fáil réidh leis an Ordú Grósaera.

Tá cónaí ar bheagnach 87% de líonta tí tuaithe i Sasana laistigh de 4km de stáisiún peitril – agus tá stór áise mar chuid den stáisiún i bhformhór daoibh sin.

Tá cónaí ar 79% de líonta tí tuaithe i Sasana laistigh de 4km d'ollmhargadh.

Déanann Ghost Town Britain II Report a foilsíodh i 2003 an argóint go mbíonn na praghsanna a bhíonn ar fheoil agus ar ghlasraí úra in ollmhargaí ar imeall bailte go minic *níos airde* ná mar a bhíonn i siopaí miondíola a bhíonn faoi úinéireacht neamhspleách go háitiúil.

## Tionchar ar an Sochaí

Tuigimid an imní atá ar ghrúpaí bochtaineachta faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag deireadh an Ordaithe Grósaera ó thaobh na rochtaine a bheadh ag daoine ar ioncaim ísle ar earraí grósaera. Nílimid ag déanamh beag is fiú den imní sin ach creidimid nach bhfuil aon ghá leis. Tugann taighde neamhspleách a rinne an Coimisiún Iomaíochta sa RA le fios nach bhfuil cúis ar bith ann go mbeadh rochtain ar earraí grósaera níos deacra mura mbeadh cosc ar dhíolachán faoi chostas.

Murach go bhfuil sé sin amhlaidh, ardaíonn an aighneacht a rinneadh thar ceann na ngrúpaí bochtaineachta saincheisteanna tromchúiseacha a dteastóidh freagra polasaí níos leithne uathu ná mar atáthar in ann a chur ar fáil i scóp na Tuarascála seo.

Breithnimid gur sásra míchuí é an tOrdú Grósaera atá ag féachaint chun an leibhéal tomhaltais alcóil in Éirinn a rialú.

## Stádas Dlíthiúil an Ordaithe

Cé gur Ordú Aireachta é, dhearbhaigh Acht Oireachtais Ordú Grósaera 1987 díreach mar a tharla lena réamhtheachtaí. Dá bhrí sin, tá stádas Acht Oireachtais bainte amach ag an Ordú. Mar sin, ní féidir é a aisghairm ach amháin le reachtaíocht phríomhúil. Ní féidir ach an oiread an tOrdú a leasú le hOrdú Aireachta breise. Ní féidir é sin a bhaint amach ach amháin le reachtaíocht phríomhúil freisin.

Breithimid é inmhianta, ar a laghad, go n-éileofaí go ndéanfaí soiléiriú ar earráidí dréachtaithe, aimhrialtachtaí agus roinnt sainmhínithe nach bhfuil cinnte sna forálacha atá cheana féin ann má táthar chun an tOrdú, mar atá sé leagtha amach faoi láthair, a fhorfheidhmiú amach anseo.

## Conclúidí agus Moltaí

Ní thugann forálacha an Ordaithe, agus go háirithe an úsáid a bhaintear as an téama 'glan-phraghas ar an sonrasc' ar ionann iad agus Cothabháil Praghsanna Athdhíolta, sainmhíniú dóthanach ar chostas, tá siad frith-iomaíoch agus gníomhaíonn siad in aghaidh leas an tomhaltóra.

Go háirithe, táimid ar an gconclúid go bhfuil cúis shuntasach ann chun creidiúint go bhfuil cionsiocar agus éifeacht le fáil sa slabhra idir Ordú Grósaera 1987, an laghad iomaíochta praghsanna atá sa trádáil grósaera, comhchruinniú níos mó sa mhargadh agus rátaí níos airde boilsciú bia in Éirinn a bhaineann le hearnálacha miondíola eile agus a bhaineann le boilsciú bia sa Ríocht Aontaithe.

Is leor téarmaí an Achta Iomaíochta, 2002 chun cosc a chur ar phraghsáil chreiche sa trádáil grósaera.

Is freagra díréireach iad forálacha an Ordaithe ó thaobh an bhagairt a bhaineann le cineálacha eile díolachán faoi chostas leanúnach.

Ní chreidimid ar aon bhealach, go bhfuil an cás cruthaithe go dóigh go dtiocfaidh cásanna díolachán leanúnach faoi chostas chun cinn chomh mór agus ar bhealach a dhéanfaidh an oiread dochair do leas an phobail agus go mbeadh sé ciallmhar beartais rialála a thabhairt isteach thar an chosc ar mhí-úsáid ceannasaíochta atá le fáil cheana féin in Alt 5 d'Acht Iomaíochta 2002.

Níl aon chiall dár linne leis an imní atá ann má chuirtear deireadh leis an Ordú Grósaera go dtiocfaidh hipearmargaí chun cinn agus go gcuirfidh siad an miondíoltóir beag neamhspleách amach as gnó, agus creidimid nach bhfuil dóthain muiníne ag daoine ina bhfuil i gceist leis an Ordú agus i scóip an Ordaithe.

Is feidhm de chuid an phróisis pleanála é teorainn a chur le méad na siopaí miondíola aonair.

Mar thoradh air sin, ní féidir linn aon chás bailí a bhunú chun an tOrdú Grósaera a choinneáil agus molaimid go ndéanfaí aisghairm air go hiomlán.

Creidimid go gcuirfidh beartais rialála a bheadh leagtha amach chun cosc a chur ar chásanna díolachán leanúnach faoi chostas ach nach mbeadh ar bhun creiche isteach go mór ar an saoirse trádála agus nach bhféadfaí é a chur i bhfeidhm ach amháin má léirítear go beacht go ndéanfaí dochar mór d'iomaíocht nó do thomhaltóirí d'uireasa na mbeartas sin.

Tá baol mór ann go háirithe nach mbeadh beartais mar sin in ann idirdhealú a dhéanamh idir iomaíocht praghsanna bríomhar, for-iomaíoch agus cásanna díolachán leanúnach faoi chostas a d'fhéadfadh, i roinnt imthosca, dochar a dhéanamh do leas an phobail.

Táimid den tuairim, áfach, go mbeadh baol mór ag baint le haon chosc malartach ar dhíolachán leanúnach faoi chostas a bheadh i mbun oibre ar bhealach nach mbeadh chomh cruthanta ná an tOrdú Grósaera reatha agus go ndéanfadh sé níos mó dochair do leas an phobail ná an baol a bhaineann le díolachán leanúnach faoi chostas (treoir-chaillteanas) sa trádáil grósaera.

Molaimid, mar sin, nach dtabharfaí isteach aon chosc malartach ar dhíolachán leanúnach faoi chostas a bheadh mar thoradh ar Ordú 1987 a aisghairm.

Molaimid freisin go n-iarrfaí ar an Údarás Iomaíochta, i gcomhar leis an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí, athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar struchtúr agus ar fheidhmiú trádála grósaera ar bhonn leanúnach thar na chéad chúpla bliain eile trí Aonad Monatóireachta a bhunú laistigh den Údarás.

Molaimid, mar chuid dá n-athbhreithniú, go n-iarrfaí ar an Údarás Iomaíochta tuairim agus moltaí a thabhairt lena chinntiú go mbeadh rochtain ag gach grúpa sa tsochaí ar raon táirgí grósaera a bheidh chomh leathan agus is féidir.

Molaimid freisin go leanfadh na Treoirlínte Pleanála Miondíola ag feidhmiú ar bhealach for-iomaíoch lena chinntiú go mbeidh meascán cuí ann d'fhorbairt miondíola agus mórdíola ar fud na tíre ar fad.

Ba chóir agóidí maidir le forbairt miondíola nua a bhunú ar dheaphrionsabail pleanála agus níor chóir deis a thabhairt do leasa dílsithe an próiseas a úsáid chun cosc a chur ar iomaíocht a theacht chun cinn, rud a dhéanfadh dochar do leasa tomhaltóirí.

Breithimid go bhfuil na cleachtais frithiomaíochta ar fad lenar leagadh amach an tOrdú Grósaera an chéad lá riamh le fáil san Acht Iomaíochta, 2002.

Molaimid, mar sin féin, go neartófaí go suntasach Acht 2002 chun cosc sainiúil a chur ar chothabháil praghsanna athdhíolta, ar idirdhealú míchothrom agus ar *'airgead hello'.*